Coimisiún na Meán

# Rannpháirtíocht le hEagraíochtaí na Sochaí Sibhialta

# Clár Píolótach

# Treoirdhoiciméad

Dáta foilsithe:
2 Meitheamh 2026

Poiblí

# Clár Ábhar

**1. Cuspóir an doiciméid** 3

**2. Réamhrá** 3

2.1 Eolas faoin gClár Píolótach 3

**3. Cé atá in ann páirt a ghlacadh sa Chlár Píolótach** 4

**4. Cineál agus raon feidhme na faisnéise atá in aighneachtaí** 5

**5. Conas aighneacht a dhéanamh** 6

**6. Rannpháirteachas leis an bpáirtí a bhfuil aighneacht á cur isteach aige tar éis an aighneacht a dhéanamh** 7

**7. Nochtadh aighneachtaí agus comhlíonadh dlíthe** 7

**Iarscríbhinn 1 Ceisteanna Coitianta** 8

# 1. Cuspóir an doiciméid

D’fhorbair Coimisiún na Meán (“**An Coimisiún**”) an Treoir seo chun Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta (“**CSOnna**”) a chur ar an eolas faoi conas faisnéis a chur isteach maidir le hábhair a bhaineann lena Chreat Sábháilteachta ar Líne. Is é is aidhm don Treoirleabhar cur ar chumas CSOnna agus tacú leo plé leis an gCreat Sábháilteachta ar Líne trí fhaisnéis a sholáthar a d’fhéadfadh cabhrú leis an gCoimisiún tuiscint níos doimhne a fháil ar shaincheisteanna atá roimh shaoránaigh agus ar a gcearta ar líne, forbairtí teicneolaíochta nó digiteacha a mbíonn tionchar acu ar chomhlíonadh a n-oibleagáidí ag saoránaigh agus eintitis rialáilte.

Tá Ceisteanna Coitianta (“**CCanna**”) le fáil in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Treoir. Ba cheart Ceisteanna Coitianta a léamh i gcomhar leis an Treoir.

Tabhair faoi deara nach ionann an Treoir seo agus comhairle dlí ná nach gcuireann sí ráitis ar fáil maidir leis an dlí. Níl an Treoir ina ceangal ar an gCoimisiún. Forchoimeádann an Coimisiún an ceart aige féin an Clár Píolótach a leasú agus a thabhairt cothrom le dáta, lena n-áirítear aon phróisis ábhartha, de réir mar is cuí leis. Ar an gcaoi chéanna, féadfaidh an Coimisiún an Treoir seo a thabhairt cothrom le dáta agus a leasú de réir mar a mheastar is gá agus is iomchuí.

# 2. Réamhrá

Le linn a chuid oibre, pléann an Coimisiún go rialta le réimse leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear CSOnna, an tionscal agus an pobal chun eolas a dhéanamh dá ghníomhaíochtaí rialála agus beartais agus dá ghníomhaíochtaí maoinithe. I measc na samplaí de rannpháirtíochtaí den sórt sin tá forbairt an Chóid Sábháilteachta ar Líne agus na gCód Craolacháin agus Meán, forbairt na Scéime Iriseoireachta agus dáileadh an mhaoinithe chun tacú le tionscadail litearthachta sna meáin.

Snáithe an-tábhachtach den rannpháirtíocht sin is ea an rannpháirtíocht le CSOnna, a d’fhéadfadh faisnéis a chomhroinnt, lena n-áirítear taighde, maidir le hábhair a bhaineann leis an gCreat Sábháilteachta ar Líne (“**OSF**”). Leis an gcreat seo, tá seirbhísí digiteacha cuntasach as an gcaoi a gcosnaíonn siad daoine, go háirithe leanaí, ó dhochar ar líne. Tá an OSF comhdhéanta go príomha de thrí dhlí atá dírithe ar ardáin ar líne: an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (“**GSD**”), an Rialachán maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne agus an tAcht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, lenar ceadaíodh an Cód Sábháilteachta ar Líne a thabhairt isteach. Déanann Coimisiún na Meán maoirseacht freisin ar oibleagáidí áirithe faoin Rialachán maidir le Trédhearcacht agus Spriocdhíriú na Fógraíochta Polaitiúla (TTPA) agus beidh oibleagáidí áirithe á bhforfheidhmiú aige faoi Ghníomh an Aontais Eorpaigh um an Intleacht Shaorga (IS) ó mhí Lúnasa 2026 ar aghaidh.

Chun bailiú agus úsáid na léargas sin a fheabhsú, d’fhorbair an Coimisiún Clár Píolótach le cur chuige struchtúrtha a bhunú chun faisnéis a fuarthas ó CSOnna a fháil, a athbhreithniú, agus a úsáid. Trí pháirt a ghlacadh i gClár Píolótach CSO, tugtar deis uathúil do CSOnna cuidiú le todhchaí na rialála sábháilteachta ar líne in Éirinn agus san Aontas Eorpach a mhúnlú. Trí aighneacht a dhéanamh, is féidir le CSOnna bonn eolais a chur faoi bheartas agus rialáil, tionchar a imirt trí aird a tharraingt ar shaincheisteanna córasacha agus rannpháirtíocht leis an gCoimisiún amach anseo a mhúnlú.

## 2.1 Eolas faoin gClár Píolótach

Reáchtálfar an Clár Píolótach go ceann 18 mí, ag tosú ar an **2 Meitheamh 2026** go dtí an **2 Nollaig 2027.** Le linn an Chláir Phíolótaigh, forchoimeádann an Coimisiún an ceart an clár a leasú de réir mar is cuí leis, lena n-áirítear:

- deireadh a chur leis an gClár Píolótach níos luaithe,
- teorainn a chur le líon na n-aighneachtaí chuig an gClár Píolótach,
- na coinníollacha incháilitheachta maidir le rannpháirtíocht sa Chlár Píolótach a leasú, agus
- leasú a dhéanamh ar an gcineál faisnéise a iarrann sé a chur san áireamh in aighneachtaí.

Tabharfar fógra roimh ré faoi na leasuithe sin trí fhaisnéis a fhoilseofar ar ár suíomh gréasáin agus ar ár gcainéil meán sóisialta.

Le linn an Chláir Phíolótaigh, iarrtar ar CSOnna aighneachtaí a chur faoi bhráid an Choimisiúin mar a leagtar amach i rannán 5 den Treoir seo. Faoi réir aighneachtaí agus ceisteanna a gheofar, breithneoidh an Coimisiún an gá seisiún faisnéise breise a reáchtáil. Foilseofar sonraí faoi sheisiún/sheisiúin faisnéise a bheidh ann amach anseo ar ár suíomh gréasáin agus ar ár gcainéil meán sóisialta.

Déanfaidh foirne ábhartha sa Choimisiún athbhreithniú ar na haighneachtaí a gheofar le linn an Chláir Phíolótaigh. Tá tuilleadh eolais faoin gcaoi a n-úsáidfear an fhaisnéis atá in aighneachtaí leagtha amach i rannán 7 den Treoir seo. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur cheart baint a bheith ag aighneachtaí le saincheist chórasach agus gur cheart foinsí soiléire iontaofa faisnéise agus taighde a bheith ag tacú leo. Leis an gClár Píolótach, díreofar ar chúrsaí córasacha atá ábhartha d'fheidhmeanna agus do thorthaí straitéiseacha an Choimisiúin. Ní bealach é an Clár Píolótach chun gearáin aonair nó saincheisteanna a bhaineann le míreanna aonair ábhair a ardú.

Nuair a bheidh sé críochnaithe, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an gClár Píolótach agus féadfaidh sé smaoineamh ar sheisiún faisnéise deiridh a reáchtáil chun rannpháirtithe agus páirtithe leasmhara eile a chur ar an eolas faoi thorthaí an Chláir Phíolótaigh. Foilseofar aon fhaisnéis ábhartha ina leith sin ar ár suíomh gréasáin agus ar ár gcainéil meán sóisialta.

# 3. Cé atá in ann páirt a ghlacadh sa Chlár Píolótach

Tá na coinníollacha maidir le hincháilitheacht leagtha amach thíos.

3.1 Tá rannpháirtíocht sa Chlár Píolótach teoranta do CSOnna. Meastar go bhfuil na saintréithe seo a leanas ag CSOnna:

i) Neamhspleách,
ii) Neamhbhrabúsach agus/nó deonach,
iii) Dírithe ar leas an phobail, agus déanann siad ionadaíocht do leasanna sochaíocha.

3.1.1 Neamhspleáchas: níor cheart do chomhlachtaí rialtais ná d’eintitis tráchtála eagraíochtaí a bhfuil aighneacht á cur isteach acu a rialú ná a shainordú. Is é aidhm an Chláir Phíolótaigh léargais neamhchlaonta a bhailiú a léiríonn riachtanais na sochaí agus atá ábhartha d'fheidhmeanna agus do thorthaí straitéiseacha an Choimisiúin.

3.1.2 Neamhbhrabúsach agus/nó deonach: níor cheart d’eagraíochtaí a bhfuil aighneacht á cur isteach acu a bheith ina n-eagraíocht bhrabúsach agus ba cheart dóibh ionadaíocht a dhéanamh ar leas an phobail agus cuntas teiste láidir acu maidir le saincheisteanna sochaíocha a mholadh, lena n-áirítear sábháilteacht ar líne. Cuireann a ngaireacht do phobail agus a n-eispéiris saoil ar a gcumas léargais chórasacha agus fianaise chórasach a sholáthar maidir le treochtaí díobhálacha a mbíonn tionchar díreach acu ar úsáideoirí, rud atá ríthábhachtach chun freagairtí éifeachtacha beartais agus rialála a mhúnlú.

3.1.3 Díriú ar leas an phobail: ba cheart gníomhaíochtaí na n-eagraíochtaí a bhfuil aighneacht á cur isteach acu a dhíriú ar dhul chun tairbhe na sochaí, amhail sábháilteacht ar líne a fheabhsú, grúpaí leochaileacha a chosaint, nó ionchuimsitheacht agus éagsúlacht a chur chun cinn.

I measc na samplaí de CSOnna tá carthanachtaí atá dírithe ar shábháilteacht ar líne, grúpaí abhcóideachta a chuireann cearta digiteacha chun cinn, institiúidí taighde a dhéanann imscrúdú ar dhíobhálacha ar líne, agus eagraíochtaí pobail a thacaíonn leis an éagsúlacht agus leis an ionchuimsitheacht. Ní thagann cuideachtaí brabúsacha, eagraíochtaí ar gníomhaireachtaí tráchtála, rialtais nó grúpaí stocaireachta tionscail iad go príomha faoin sainmhíniú seo ar an gClár Píolótach.

3.2 Mar chuid den mheasúnú ar aighneachtaí, féadfaidh an Coimisiún tuilleadh faisnéise a iarraidh ar aon ghné den aighneacht, lena n-áirítear foinsí maoinithe agus socruithe rialachais.

3.3 CSOnna a bhfuil sé beartaithe acu aighneachtaí a dhéanamh, déanfar iad a scagadh le haghaidh incháilitheachta nuair a dhéanfar an aighneacht. Ní dhéanfar aon scagadh réamhiarratais.

3.4 Glacfar le haighneachtaí ó CSO gan beann ar dhlínse, ar choinníoll go gcomhlíonann an fhaisnéis a chuirtear isteach na ceanglais atá leagtha amach i rannán 5 den Treoir seo.

3.5 Is féidir le comhghuaillíochtaí nó grúpaí CSOnna comhaighneachtaí a dhéanamh ar choinníoll go n-ainmnítear príomh-CSO mar an príomhphointe teagmhála.

3.6 Mura bhfuil eagraíocht cinnte an CSO í nó an bhfuil ábhar a haighneachta ábhartha, féadfaidh sí teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún trí úsáid a bhaint as an seoladh ríomhphoist a leagtar amach i rannán 5 den Treoir seo.

# 4. Cineál agus raon feidhme na faisnéise atá in aighneachtaí

Tá na coinníollacha maidir leis an gcineál agus faisnéis atá sna haighneachtaí leagtha amach thíos.

4.1 Ní mór aighneachtaí a bheith scríofa i nGaeilge nó i mBéarla.

4.2 Ní mór na haighneachtaí a bheith bunaithe ar fhianaise a bailíodh ón 17 Feabhra 2024 ar aghaidh, agus ar an bhfianaise sin amháin. Is ar an 17 Feabhra 2024 a tháinig an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha i bhfeidhm ina iomláine maidir le gach seirbhís laistigh den raon feidhme ar fud an Aontais Eorpaigh.

4.3 Ba cheart an fhaisnéis atá in aighneachtaí a bheith ábhartha d'fheidhmeanna agus sainchúram rialála an Choimisiúin agus ba cheart baint a bheith aici le ceann amháin ar a laghad de thorthaí straitéiseacha an Choimisiúin, mar a leagtar amach sa [Ráiteas Straitéise 2025-2027]: Leanaí, Daonlathas, Iontaoibh, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht, Sábháilteacht an Phobail, agus Cultúr agus Meáin na hÉireann.

4.4 Ní mór baint a bheith ag an bhfaisnéis atá in aighneachtaí le saincheisteanna a dhéanann difear d'úsáideoirí ar líne nó do dhaoine aonair atá ina gcónaí in Éirinn nó san Aontas Eorpach agus ba cheart baint a bheith aici le heintiteas (eintitis) nó le seirbhís dhigiteach (seirbhísí digiteacha) arna rialú ag an gCoimisiún faoi OSF, amhail seirbhísí ardáin comhroinnte físeán.

4.5 Is féidir aighneachtaí a dhéanamh maidir le hábhar agus / nó gnéithe d'eintitis nó de sheirbhísí digiteacha arna rialú ag an gCoimisiún faoi OSF.

4.6 Ní mór baint a bheith ag aighneachtaí le saincheist chórasach agus ní mór fianaise shoiléir iontaofa agus foinsí faisnéise agus taighde a bheith mar thaca leo. Ba cheart fianaise a bhailiú trí mhodheolaíochtaí láidre atá formheasta go forleathan amhail anailís ar shonraí ó sheirbhísí túslíne, taighde cáilíochtúil agus/nó cainníochtúil le húsáideoirí ar líne nó le heagraíochtaí saineolaithe, ach gan bheith teoranta dóibh sin.

4.7 Leis an gClár Píolótach, díreofar ar chúrsaí córasacha atá ábhartha d'fheidhmeanna agus do thorthaí straitéiseacha an Choimisiúin. Ní bealach é an Clár Píolótach chun gearáin aonair nó saincheisteanna a bhaineann le míreanna aonair ábhair a ardú. Sa chás go meastar gur cosúil gur gearán é an aighneacht faoi GSD, rachaidh an Coimisiún i dteagmháil le hEagraíocht na Sochaí Sibhialta (CSO) a rinne an aighneacht sin chun na chéad chéimeanna eile a phlé.

4.8 Moltar do CSOnna go bhféadfadh sé nach bhfaighidís aon rannpháirtíocht bhreise ná aiseolas breise maidir le haighneachtaí a roinntear leis an gCoimisiún i gcomhthéacs an Chláir Phíolótaigh. Déantar é sin chun a chinntiú, mar shampla, go gcaomhnaítear sláine phróisis agus nósanna imeachta an Choimisiúin (lena n-áirítear fiosrúcháin).

4.9 **Níor cheart** an t-ábhar seo a leanas a áireamh in aighneachtaí:

i) sonraí pearsanta, seachas sonraí pearsanta an duine a dhéanann an aighneacht thar ceann na Príomh-Oifige Staidrimh (e.g. ainm, síniú, sonraí teagmhála). Scriosfaidh an Coimisiún aighneachtaí go hiomlán ina bhfuil sonraí pearsanta, seachas sonraí pearsanta an duine a bhfuil aighneacht á cur isteach aige thar ceann eagraíocht na sochaí sibhialta. I gcásanna den sórt sin, cuirfidh an Coimisiún in iúl d'Eagraíocht na Sochaí Sibhialta gur scriosadh an aighneacht toisc go raibh sonraí pearsanta inti.

ii) meáin (lena n-áirítear gabhálacha scáileáin) ina bhfuil ábhar mídhleathach (nó a d'fhéadfadh a bheith mídhleathach), lena n-áirítear na nithe seo a leanas ach gan bheith teoranta dóibh: Ábhar Mí-úsáide Gnéasaí Leanaí, Íomhánna Dlúthphearsanta Neamh-Chomhthoiliúla agus Ábhar Sceimhlitheoireachta Ar Líne.

# 5. Conas aighneacht a dhéanamh

5.1 Is féidir le páirtithe leasmhara a n-aighneachtaí a sheoladh chuig CSOsubmissions@cnam.ie. Nuair a chuirtear isteach aighneacht, gheobhaidh an páirtí a bhfuil aighneacht á cur isteach aige admháil agus uimhir thagartha. Ba cheart do pháirtithe a bhfuil aighneacht á cur isteach acu an uimhir thagartha a sannadh don aighneacht bhunaidh a úsáid le haghaidh aon aighneachtaí eile i gcás ina mbaineann siad sin leis an aighneacht bhunaidh.

5.2 Ba cheart na doiciméid seo a leanas a bheith san aighneacht:

i) An Fhoirm Féindearbhúcháin agus Aighneachta. Is féidir an Fhoirm Féindearbhúcháin agus Aighneachta a íoslódáil ó leathanach gréasáin tiomnaithe an Choimisiúin.
ii) Más infheidhme, ráiteas ina mínítear na rannáin nó an fhaisnéis atá san aighneacht a mheasann Eagraíocht na Sochaí Sibhialta nár cheart a nochtadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 agus cén fáth,
iii) Más infheidhme, ráiteas ina mínítear cé acu a mheasann nó nach measann Eagraíocht na Sochaí Sibhialta go bhfuil an fhaisnéis uile nó cuid den fhaisnéis atá san aighneacht ábhartha do cheann amháin nó níos mó d'fhiosrúcháin leanúnacha an Choimisiúin.

5.3 Féadfaidh CSOnna comhaighneachtaí a dhéanamh. I gcás aighneachtaí comhpháirteacha, ní mór do **gach ceann de na CSOnna** a bhfuil baint acu leis an gcomhaighneacht Codanna A, D, E agus F den Fhoirm Féindearbhúcháin agus Aighneachta a líonadh isteach.

5.4 Má dhéantar aighneacht nua laistigh de 12 mhí ó dháta na haighneachta bunaidh, ní iarrfar ort an fhoirm Féindearbhúcháin a chomhlánú arís. Iarrfar ort, áfach, a nochtadh cé acu a tharla nó nár tharla aon athruithe laistigh de d'eagraíocht le linn na hidirthréimhse, athruithe a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chritéir incháilitheachta an Chláir Phíolótaigh.

5.5 Ba cheart gach ceist maidir leis an aighneacht/na haighneachtaí a chur chuig an seoladh ríomhphoist céanna CSOsubmissions@cnam.ie, agus an uimhir thagartha sannta don aighneacht.

# 6. Rannpháirteachas leis an bpáirtí a bhfuil aighneacht á cur isteach aige tar éis an aighneacht a dhéanamh

6.1 Is féidir le páirtithe a bhfuil aighneacht á cur isteach acu ceisteanna a sheoladh maidir le haighneachtaí a rinneadh le linn an Chláir Phíolótaigh. Ba cheart ceisteanna a chur isteach i gcomhréir leis na treoracha a leagtar amach i rannán 5 den Treoir seo.

# 7. Nochtadh aighneachtaí agus comhlíonadh dlíthe

7.1 Pléifidh an Coimisiún le gach aighneacht a gheobhaidh sé i gcomhthéacs an Chláir Phíolótaigh de réir na ndlíthe is infheidhme, lena n-áirítear dlíthe cosanta sonraí ach gan bheith teoranta dóibh.

7.2 Féadfaidh an Coimisiún a admháil nó a aithint gur ghlac d'eagraíocht páirt sa Chlár Píolótach, mar shampla i gcumarsáid ghinearálta nó i dtuarascálacha achoimre faoi dhul chun cinn an Chláir Phíolótaigh.

7.3 Féadfaidh an Coimisiún aighneachtaí agus/nó faisnéis atá in aighneachtaí a nochtadh do thríú páirtithe le feidhmiú an dlí nó ar shlí eile. I gcásanna den sórt sin, comhlíonfaidh an Coimisiún na hoibleagáidí dlíthiúla ábhartha go léir.

7.4 Mar shampla, féadfaidh an Coimisiún aighneachtaí agus/nó faisnéis atá in aighneachtaí a chomhroinnt go deonach le tríú páirtithe, amhail an Coimisiún Eorpach agus Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha eile. Sa chás sin, rachfar i gcomhairle leis an CSO ábhartha sula roinnfear an fhaisnéis.

7.5 Tá an Coimisiún faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, arna leasú ("**an tAcht um Shaoráil Faisnéise**"), agus dá bhrí sin d'fhéadfadh aon aighneachtaí a fhaightear le linn an Chláir Phíolótaigh teacht faoi raon feidhme iarrata a dhéantar faoin reachtaíocht seo. Má mheasann Eagraíocht na Sochaí Sibhialta go bhfuil faisnéis san aighneacht nár cheart a nochtadh nuair a fhaightear iarratas um Shaoráil Faisnéise, iarrtar ar Eagraíocht na Sochaí Sibhialta a dhéanann an aighneacht sin an fhaisnéis ábhartha san aighneacht a shainaithint go soiléir agus a mhíniú cén fáth nár cheart an fhaisnéis sin a nochtadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le CSOnna, mar is iomchuí, i gcomhréir le forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise.

7.6 Beidh aighneachtaí ar taifead ar feadh tréimhse 12 mhí ó dháta chur isteach an iarratais.

# Iarscríbhinn 1 Ceisteanna Coitianta

### 1. Cad is Eagraíocht na Sochaí Sibhialta ann i gcomhthéacs an Chláir Phíolótaigh?

Tá an Clár Píolótach deartha chun dul i dteagmháil le heagraíochtaí a bhfuil ról ríthábhachtach acu maidir le hionadaíocht a dhéanamh ar leasanna na sochaí, gníomhú ar son athrú dearfach, agus tacú le pobail. Chun críocha an Chláir Phíolótaigh seo, sainmhínítear Eagraíocht Sochaí Sibhialta ("**CSO**") mar eagraíocht neamhspleách, neamhrialtasach, sheachbhrabúsach agus dheonach a oibríonn ar mhaithe le leas an phobail. Is iondúil go mbíonn CSOnna á spreagadh ag misean chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sóisialta, cultúrtha nó pobail, seachas cuspóirí tráchtála nó rialtais a shaothrú.

I measc na samplaí de CSOnna tá carthanachtaí atá dírithe ar shábháilteacht ar líne, grúpaí abhcóideachta a chuireann cearta digiteacha chun cinn, institiúidí taighde a dhéanann imscrúdú ar dhíobhálacha ar líne, agus eagraíochtaí pobail a thacaíonn leis an éagsúlacht agus leis an ionchuimsitheacht. Cuideachtaí brabúsacha, eagraíochtaí ar gníomhaireachtaí tráchtála, gníomhaireachtaí rialtais nó grúpaí stocaireachta tionscail iad go príomha, ní thagann siad faoin tuairisc ar CSOnna a leagtar amach thuas chun críoch an Chláir Phíolótaigh.

### 2. Cé atá in ann páirt a ghlacadh sa Chlár Píolótach? Ceanglais agus critéir incháilitheachta

Chun a chinntiú go bhfuil an Clár Píolótach éifeachtach agus ábhartha, bunaíodh ceanglais agus critéir incháilitheachta áirithe le haghaidh eagraíochtaí rannpháirteacha:

a) **Stádas CSO:** Ní mór do d'eagraíocht an sainmhíniú ar Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta (CSO) a chomhlíonadh mar a thuairiscítear i gCeist 1: neamhspleách, seachbhrabúsach, agus dírithe ar leas an phobail.

b) **Neamhspleáchas:** Níor cheart do chomhlachtaí rialtais ná d'eintitis tráchtála eagraíochtaí a rialú ná a shainordú. Is é an aidhm atá ann léargais neamhchlaonta a bhailiú a léiríonn riachtanais na sochaí agus atá ábhartha maidir leis an gcaoi a ndéanaimid rialáil agus freagairt ar réimsí a bhaineann lenár dtorthaí straitéiseacha.

c) **Díriú ar leas an phobail:** Ba cheart gníomhaíochtaí a dhíriú ar leas na sochaí, amhail sábháilteacht ar líne a fheabhsú, grúpaí leochaileacha a chosaint, nó ionchuimsitheacht a chur chun cinn.

d) **Dlínse:** Ní mór d'aighneachtaí a bheith bainteach le saincheisteanna a dhéanann difear do dhaoine aonair in Éirinn nó i mballstát eile den Aontas Eorpach agus d'eintitis atá á rialú ag an gCoimisiún. Cinntítear leis sin go bhfuil an fhaisnéis ábhartha do fhreagrachtaí rialála an Choimisiúin.

e) **Teanga:** Ní mór aighneachtaí a sholáthar i nGaeilge nó i mBéarla.

f) **Trédhearcacht maoinithe:** Iarrtar ar eagraíochtaí aon fhoinsí maoinithe a dhearbhú, don eagraíocht ina hiomláine agus don aighneacht shonrach. Iarrtar an fhaisnéis seo ar mhaithe le trédhearcacht.

g) **Comhaighneachtaí:** Tá fáilte roimh chomhghuaillíochtaí nó grúpaí CSOnna aighneachtaí a chur isteach go comhpháirteach, ar choinníoll go n-ainmnítear príomh-CSO mar an príomhphointe teagmhála agus go gcomhlánaíonn gach CSO Codanna A, D, E agus F den Fhoirm Féindearbhúcháin agus Aighneachta. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach gcuirtear cosc ar rannpháirtíocht trí mhaoiniú a fháil ó fhoinsí seachtracha, lena n-áirítear eintitis rialáilte. Is é an príomhriachtanas ná an trédhearcacht.

### 3. An féidir le CSOnna lasmuigh d'Éirinn aighneachtaí a dhéanamh?

Is féidir. Féadfaidh CSOnna atá lonnaithe lasmuigh d'Éirinn páirt a ghlacadh má bhaineann a n-aighneachtaí le húsáideoirí agus eintitis Éireannacha nó de chuid an Aontais Eorpaigh atá á rialú ag Coimisiún na Meán, lena n-áirítear seirbhísí óstála, ardáin ar líne, ardáin comhroinnte físeán.

### 4. Cén cineál faisnéise is féidir a chur isteach? Critéir maidir le haighneachtaí

Féachann an Clár Píolótach le faisnéis ardchaighdeáin atá bunaithe ar fhianaise a bhailiú a chabhróidh leis an gCoimisiún saincheisteanna córasacha maidir le sábháilteacht ar líne a thuiscint agus aghaidh a thabhairt orthu. Agus d'aighneacht á hullmhú agat, smaoinigh ar na critéir seo a leanas:

**Ábharthacht Straitéiseach:** Ba cheart aghaidh a thabhairt sna haighneachtaí ar cheann amháin nó níos mó de thorthaí straitéiseacha an Choimisiúin: Leanaí, Daonlathas, Iontaoibh, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht, Sábháilteacht an Phobail, agus Cultúr agus Meáin na hÉireann. Mar shampla, d'fhéadfá aird a tharraingt ar rioscaí atá ag teacht chun cinn do leanaí ar líne, ar threochtaí bréagaisnéise a dhéanann difear do phróisis dhaonlathacha, nó ar bhacainní ar ionchuimsitheacht do ghrúpaí mionlaigh. Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoinár dtorthaí straitéiseacha, féach ar ár Ráiteas Straitéise 2025-2027.

**Fócas córasach:** Tá an Clár Píolótach deartha chun saincheisteanna córasacha atá ann cheana nó atá ag teacht chun cinn a shainaithint, seachas cásanna aonair d'ábhar a d'fhéadfadh a bheith mídhleathach agus/nó díobhálach. Ar na saincheisteanna córasacha is féidir go n-áireofar:

- Patrúin nó treochtaí a breathnaíodh le himeacht ama,
- Fadhbanna athfhillteacha ar fud eintiteas nó seirbhís rialáilte amháin nó níos mó
- Bearnaí sa rialáil nó san fhorfheidhmiú atá ann cheana
- Rioscaí atá ag teacht chun cinn nach n-aithnítear go forleathan go fóill

**Léargais bunaithe ar fhianaise:** Ba cheart baint a bheith ag aighneachtaí le saincheist chórasach agus ba cheart fianaise shoiléir iontaofa a bheith mar thaca leo. Tá an Clár Píolótach beartaithe le díriú ar chúrsaí córasacha a thacaíonn le hobair an Choimisiúin i gcoitinne (lena n-áirítear forbairt beartais), seachas gearáin aonair a réiteach. Ba cheart fianaise a bhailiú trí mhodheolaíochtaí láidre, amhail anailís ar shonraí ó sheirbhísí túslíne, taighde cáilíochtúil le húsáideoirí ar líne nó le heagraíochtaí saineolaithe, nó taighde cainníochtúil a dhéantar leis na grúpaí sin. Déan cur síos soiléir ar do mhodheolaíocht, lena n-áirítear an chaoi ar bailíodh faisnéis, méideanna samplacha, foinsí sonraí, agus aon teorainn nó éiginnteacht. Barúlacha ó sheirbhísí túslíne, amhail anailís ar threochtaí maidir le teagmhálacha úsáideoirí seirbhíse agus réimsí téamacha ar ábhar imní iad, tá siad sin ábhartha freisin agus fáiltítear rompu.

**Formáid agus struchtúr:** Bain úsáid as an bhFoirm Féindearbhúcháin agus Aighneachta chaighdeánaithe a chuirtear ar fáil. Tabhair le fios go soiléir ábhar, modheolaíocht agus aicmiú d'aighneachta. Ba cheart go mbeadh na haighneachtaí gonta, dea-struchtúrtha agus scríofa i nGaeilge nó i mBéarla.

**Eisiaimh agus coimircí:** Ná cuir sonraí pearsanta nó íogaire san áireamh i d'iarratas. Áirítear leis sin meáin (lena n-áirítear gabhálacha scáileáin) ina bhfuil aon ábhar mídhleathach (a d'fhéadfadh a bheith ann), amhail Ábhar Mí-úsáide Gnéasaí Leanaí, Íomhánna Dlúthphearsanta Neamh-Chomhthoiliúla. Níor cheart na

cineálacha sin ábhair mhídhleathaigh a roinnt leis an gCoimisiún in imthosca ar bith, lena n-áirítear trí ghabhálacha scáileáin. Tabhair faoi deara nach scéim gearán é an Clár Píolótach. Déanfar aighneachtaí a mheastar a bheith ina ngearáin faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha a atreorú chuig an bpróiseas iomchuí. Rachaidh an Coimisiún i dteagmháil leat má dhealraíonn sé go bhféadfadh d'aighneacht a bheith ina gearán faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha.

**Maoiniú:** Gach foinse maoinithe a dhearbhú, don eagraíocht ina hiomláine agus don aighneacht shonrach. Féadfaidh an Coimisiún tuilleadh sonraí a iarraidh maidir le foinsí maoinithe nuair is gá.

**Ceanglas maidir le tráthchlár aighneachta:** Ní mór na haighneachtaí a bheith bunaithe ar fhianaise a bailíodh ó mhí Feabhra 2024 ar aghaidh, agus ar an bhfianaise sin amháin.

**Samplaí d'aighneachtaí oiriúnacha**

**Tá roinnt samplaí d'aighneachtaí oiriúnacha liostaithe thíos. Ní liosta uileghabhálach é.**

- Tuarascáil ina ndéantar anailís ar threochtaí san fhuathchaint ar líne a dhéanann difear d'óige na hÉireann, lena n-áirítear staitisticí anaithnidithe agus tuairisc ar an modheolaíocht taighde.
- Suirbhé ar thuismitheoirí ón bhFrainc ina leagtar béim ar ábhair imní maidir le hábhar díobhálach ar ardáin comhroinnte físeán, agus ina bhfuil torthaí comhiomlánaithe agus moltaí maidir le rialuithe feabhsaithe.
- Achoimre anaithnidithe ó sheirbhís túslíne ina sainaithnítear méadú ar theagmhais chibearbhulaíochta i measc déagóirí, agus ina bhfuil moltaí beartais.

**Samplaí d'aighneachtaí mí-oiriúnacha**

**Tá roinnt samplaí d'aighneachtaí mí-oiriúnacha liostaithe thíos. Ní liosta uileghabhálach é.**

- Gearáin aonair
- Liosta de ghearáin aonair ina bhfuil sonraí pearsanta.
- Aighneachtaí ina bhfuil sonraí pearsanta nó gabhálacha scáileáin d'ábhar mídhleathach.
- Barúlacha starógacha gan fianaise thacaíochta ná anailís tacaíochta.

### 5. Fuair m'aighneacht maoiniú ó thríú páirtí, an féidir liom m'aighneacht a chur isteach fós?

Is féidir. Iarrtar ort, áfach, gach foinse maoinithe a dhearbhú, don eagraíocht ina hiomláine agus don aighneacht shonrach. Iarrtar an fhaisnéis sin le haghaidh cúinsí trédhearcachta.

### 6. Conas is féidir liom an Fhoirm Féindearbhúcháin agus Aighneachta a chomhlánú?

Déan an Fhoirm Féindearbhúcháin agus Aighneachta a íoslódáil ó [leathanach gréasáin tiomnaithe CSO an Choimisiúin], comhlánaigh gach rannán, agus cuir isteach í mar aon le haon doiciméid tacaíochta chuig an

seoladh ríomhphoist ainmnithe. Féadfaidh an Coimisiún obair leantach a dhéanamh le fianaise a iarraidh chun ábhar d'Fhoirme Féindearbhúcháin agus Aighneachta a thuiscint a thuilleadh nó chun í a fhíorú.

### 7. Cad a tharlaíonn tar éis dom aighneacht a chur isteach?

Gheobhaidh tú admháil fála laistigh de 72 uair an chloig. Déanfar athbhreithniú ar d'aighneacht maidir le hincháilitheacht agus ábharthacht agus roinnfear leis na foirne cuí í. Féadfar teagmháil a dhéanamh leat chun tuilleadh faisnéise nó soiléiriú a fháil. Féadfaidh an Coimisiún seisiúin faisnéise a reáchtáil dóibh siúd a dhéanann aighneachtaí chun aiseolas ardleibhéil a sholáthar a bhaineann le faisnéis a chuirtear faoi bhráid an Chláir Phíolótaigh agus chun aiseolas a bhailiú ó CSOnna.

### 8. An féidir le grúpa CSOnna aighneacht a chur isteach go comhpháirteach?

Is féidir, ar choinníoll go n-ainmnítear príomh-CSO mar an príomhphointe teagmhála agus ní mór do gach CSO rannpháirteach Cuid A den Fhoirm Féindearbhúcháin agus Aighneachta a chomhlánú.

### 9 Cé chomh minic is féidir liom faisnéis a chur faoi bhráid an Chláir Phíolótaigh?

Is féidir leat faisnéis a chur faoi bhráid an Chláir Phíolótaigh aon uair a bhíonn léargais agat atá ábhartha agus úsáideach. Cé nach bhfuil aon teorainn fhoirmiúil ar cé chomh minic is féidir leat aighneacht a chur isteach, táimid ag súil nach dócha go n-ullmhóidh agus go roinnfidh formhór na CSOnna ábhar nua níos minice ná gach 3 mhí. Is treoirlíne é seo agus sin amháin - ní riail é. Má tá eolas tábhachtach nó eolas atá criticiúil ó thaobh ama de agat, tá fáilte romhat é a roinnt tráth ar bith. Ós rud é gur clár píolótach é seo, coinneoimid an próiseas aighneachta faoi athbhreithniú rialta agus déanfaimid coigeartuithe i gcás inar gá. D'fhéadfaí a áireamh leis sin athbhreithniú a dhéanamh ar cé chomh minic a dhéantar aighneachtaí má thacaíonn sé le rannpháirtíocht níos rianúla.

Má dhéantar aighneacht nua laistigh de 12 mhí ó dháta na haighneachta bunaidh, ní iarrfar ort an fhoirm Féindearbhúcháin a chomhlánú arís. Iarrfar ort, áfach, a nochtadh cé acu a tharla nó nár tharla aon athruithe laistigh de d'eagraíocht le linn na hidirthréimhse, athruithe a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar fhoinsí maoinithe nó ar chritéir incháilitheachta an Chláir Phíolótaigh.

### 10. Cad a tharlaíonn má tá faisnéis i m'aighneacht a d'fhéadfaí a mheas mar ghearán?

Tá an Clár Píolótach seo beartaithe do shaincheisteanna córasacha atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn, le tacaíocht ó fhianaise ar thángthas uirthi trí mhodheolaíocht láidir. Níl sé beartaithe le hagahidh gearáin aonair. Sa chás go meastar gur cosúil gur gearán é d'aighneacht faoi GSD, rachaidh an Coimisiún i dteagmháil leat chun na chéad chéimeanna eile a phlé.

### 11. Cad a tharlaíonn leis an aighneacht nuair a fhaigheann an Coimisiún í?

Nuair a chuireann tú faisnéis faoi bhráid an Chláir Phíolótaigh, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar d'aighneacht chun measúnú a dhéanamh ar a hábharthacht, ar a cáilíocht agus ar a cumas eolas a

dhéanamh do réimsí beartais, maoirseachta nó rialála sábháilteachta ar líne. Féadfar aighneachtaí a úsáid ar bhealaí éagsúla, mar shampla:

- Eolas a dhéanamh d'fhorbairt beartais: d'fhéadfadh d'fhianaise agus do léargais cabhrú le cuir chuige rialála, treoraíocht nó tosaíochtaí straitéiseacha amach anseo a mhúnlú.
- Tacú le maoirseacht agus fiosrúcháin: Féadfaidh aighneachtaí cur leis an tuiscint ar shaincheisteanna córasacha, agus, de réir mar is iomchuí, féadfar iad a mheas i ngníomhaíochtaí maoirseachta nó i bhfiosrúcháin.
- Saincheisteanna atá ag teacht chun cinn a shainaithint: D'fhéadfadh sé go dtarraingeodh d'aighneacht aird ar rioscaí nua nó rioscaí nár sainaithníodh roimhe seo, rud a chuideodh leis an gCoimisiún freagairt go réamhghníomhach.

Féadfaidh an Coimisiún aighneachtaí agus/nó faisnéis atá in aighneachtaí a chomhroinnt go deonach le tríú páirtithe, amhail an Coimisiún Eorpach agus Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha eile. Sa chás sin, rachfar i gcomhairle leis an CSO ábhartha sula roinnfear an fhaisnéis. Féadfaidh an Coimisiún faisnéis atá in aighneachtaí agus/nó aighneachtaí a chomhroinnt le feidhmiú an dlí freisin lena n-áirítear faoi reachtaíocht maidir le cosaint sonraí agus/nó saoráil faisnéise. Tá tuilleadh faisnéise ina leith sin leagtha amach i rannán 7 thuas.

Ní thugann an Coimisiún gealltanas bearta sonracha a dhéanamh mar thoradh ar aon aighneacht aonair a fhaightear le linn an Chláir Phíolótaigh. Beidh tionchar agus úsáid gach aighneachta ag brath ar a hábhar, ar a hábharthacht agus ar an gcomhthéacs ina bhfaightear í. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an Coimisiún in ann a nochtadh duit conas a úsáideadh d'aighneacht. Tá an Coimisiún tiomanta do thrédhearcacht, aon uair is féidir, ach ní mór dó sláine a phróisis a chosaint agus oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh freisin. Tá meas ar d'aighneacht agus d'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith aici maidir le rialáil sábháilteachta ar líne a mhúnlú. Cé go n-úsáidfidh an Coimisiún aighneachtaí chun eolas a dhéanamh dá chuid oibre, ní féidir leis torthaí sonracha a ráthú ná a nochtadh le haghaidh gach aighneachta.

### 12. Cén fáth ar cheart do m'eagraíocht páirt a ghlacadh i gClár Píolótach CSO?

Trí pháirt a ghlacadh i gClár Píolótach CSO, tugtar deis uathúil do d'eagraíocht cuidiú le todhchaí na rialála sábháilteachta ar líne a mhúnlú in Éirinn agus san Aontas Eorpach i gcoitinne. Trí aighneacht a dhéanamh, is féidir leat an méid seo leanas a dhéanamh:

- **Eolas a dhéanamh do bheartas agus rialáil:** Is féidir le do léargais agus d'fhianaise a bheith mar bhunús díreach le tuiscint an Choimisiúin ar shaincheisteanna córasacha atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn, agus ar fhíorthionchar na n-ardán ar líne. Is é seo do sheans a chinntiú go léirítear guthanna agus eispéiris do phobail i gcinntí rialála amach anseo.
- **Aird a tharraingt ar shaincheisteanna córasacha:** Tá an Clár Píolótach deartha chun patrúin agus treochtaí a shainaithint nach féidir a fheiceáil trí ghearáin aonair. Trí thaighde nó barúlacha d'eagraíochta a roinnt, cuidíonn tú le léargas níos soiléire a fháil ar na dúshláin atá roimh úsáideoirí — go háirithe iad siúd atá leochaileach nó faoi ghannionadaíocht.
- **Tionchar a léiriú:** Trí chur isteach ar an gClár Píolótach, is féidir le d'eagraíocht a saineolas, a taighde agus a hobair abhcóideachta a thaispeáint. Is féidir leis sin do chreidiúnacht a neartú le

pháirtithe leasmhara, le maoinitheoirí agus leis an bpobal, agus do thiomantas a léiriú maidir le sábháilteacht ar líne a fheabhsú.

- **Rannpháirtíocht amach anseo a mhúnlú:** D'fhéadfadh aiseolas agus ceachtanna a foghlaimíodh ón gClár Píolótach bonn eolais a chur faoi dhearadh scéimeanna reachtúla agus sásraí rannpháirtíochta amach anseo. Ciallaíonn rannpháirtíocht luath gur dóchúla go gcuirfear riachtanais agus peirspictíochtaí d'eagraíochta san áireamh san fhadtéarma.

### 13. Má ghlacann m'eagraíocht páirt sa Chlár Píolótach, an ndéanfar ár rannpháirtíocht nó ár n-aighneacht a phoibliú?

Ní fhoilseoidh an Coimisiún aighneachtaí a gheofar le linn an Chláir Phíolótaigh.

Mar sin féin, d'fhéadfadh oibleagáid a bheith ar an gCoimisiún aighneachtaí agus/nó faisnéis atá in aighneachtaí a roinnt le tríú páirtithe le feidhmiú an dlí lena n-áirítear faoi reachtaíocht maidir le cosaint sonraí agus/nó saoráil faisnéise. Tá tuilleadh faisnéise ina leith sin leagtha amach i rannán 7 thuas.

Ina theannta sin, féadfaidh an Coimisiún aighneachtaí agus/nó faisnéis atá in aighneachtaí a chomhroinnt go deonach le tríú páirtithe, amhail an Coimisiún Eorpach agus Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha eile. Sa chás sin, rachfar i gcomhairle leis an CSO ábhartha sula roinnfear an fhaisnéis.

Tabhair faoi deara go bhféadfaidh an Coimisiún a admháil nó a aithint gur ghlac d'eagraíocht páirt sa Chlár Píolótach, mar shampla i gcumarsáid ghinearálta nó i dtuarascálacha achoimre faoi dhul chun cinn an Chláir Phíolótaigh.

### 14. Cé a thagann faoi raon feidhme Chreat Sábháilteachta ar Líne an Choimisiúin?

Tá feidhm ag an gCreat Sábháilteachta ar Líne maidir le raon leathan soláthraithe seirbhíse digiteacha agus ar líne. Tá tuairisc ardleibhéil ar na soláthraithe seo agus ar a gcuid seirbhísí leagtha amach thíos.

**Soláthraithe Seirbhísí Idirghabhálaí (ISPanna) – Sainmhínithe Catagóirí**

Seirbhís lomchainéil
Is é atá inti tarchur i líonra cumarsáide ar fhaisnéis arna soláthar ag faighteoir na seirbhíse, nó soláthar rochtana ar líonra cumarsáide.
Samplaí: soláthraithe seirbhísí idirlín; seirbhísí teachtaireachtaí díreacha; líonraí príobháideacha fíorúla; córais ainmneacha fearainn; Prótacal Idirlín guthaithe; clárlanna ainmneacha fearainn barrleibhéil.

Seirbhís taiscthe
Is é atá inti tarchur i líonra cumarsáide ar fhaisnéis arna soláthar ag faighteoir na seirbhíse, a bhaineann le stóráil uathoibríoch, idirmheánach agus shealadach na faisnéise sin, arna dhéanamh ar mhaithe le tarchur ar aghaidh chuig faighteoirí eile na seirbhíse, arna iarraidh sin acu, a dhéanamh níos éifeachtúla.
Samplaí: líonraí soláthair inneachair; seachfhreastalaithe oiriúnaithe ábhair nó seachfhreastalaithe droim ar ais.

Seirbhís óstála

Is é atá inti stóráil faisnéise arna soláthar ag faighteoir na seirbhíse, agus arna iarraidh sin don fhaighteoir sin.
Samplaí: soláthraithe néalseirbhísí; áiteanna margaidh ar líne; na meáin shóisialta; aipmhargaí; ardáin taistil agus lóistín.

**Cineálacha Soláthraithe Seirbhísí Idirghabhálaí**

Soláthraithe Seirbhísí Idirghabhálaí
Baineann sé seo le heagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí arb é atá iontu seirbhís 'lomchainéil', seirbhís 'taiscthe', nó seirbhís 'óstála'. Is fothacair de Chatagóir 1 seo iad Catagóirí 2-4.

Soláthraithe Seirbhísí Óstála
Is soláthraithe seirbhísí idirghabhálaí iad seirbhísí óstála a stórálann faisnéis arna soláthar ag faighteoir na seirbhíse, agus arna iarraidh sin don fhaighteoir sin.

Ardáin ar Líne
Is éard is 'Ardáin ar Líne' ann seirbhísí óstála a stórálann agus a scaipeann faisnéis ar an bpobal, arna iarraidh sin d'fhaighteoir na seirbhíse, ach amháin más mionghné agus gné choimhdeach amháin de sheirbhís eile nó mionfheidhmiúlacht de chuid na príomhsheirbhíse í an ghníomhaíocht sin agus, ar chúiseanna oibiachtúla agus teicniúla, nach féidir í a úsáid gan an tseirbhís eile sin, agus nach bealach é comhtháthú na gné nó na feidhmiúlachta sa tseirbhís eile chun dul timpeall ar infheidhmeacht an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha.

Ardáin An-Mhór ar Líne agus Innill Chuardaigh An-Mhór ar Líne
Ardáin An-Mhór ar Líne (VLOPanna): Is ardáin ar líne iad VLOPanna ag a bhfuil 45 milliún faighteoir gníomhach míosúil ar an meán dá seirbhís, nó níos mó ná sin, san Aontas Eorpach (arb ionann é sin agus thart ar 10% de dhaonra an Aontais).

Innill Chuardaigh An-Mhór ar Líne (VLOSEnna): Is innill chuardaigh iad VLOSEnna ag a bhfuil 45 milliún faighteoir gníomhach míosúil ar an meán dá seirbhís, nó níos mó ná sin, san Aontas Eorpach (arb ionann é agus thart ar 10% de dhaonra an Aontais).

## 15. Cad a tharlóidh nuair a thiocfaidh deireadh leis an gClár Píolótach?

Ag deireadh an Chláir Phíolótaigh, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht fhoirmiúil chun measúnú a dhéanamh ar a fhóntacht fhoriomlán don Choimisiún agus do na CSOnna rannpháirteacha. Déanfar scrúdú sa mheastóireacht sin ar an méid ar éirigh go maith leis, sainaithneofar réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu agus déanfar eolas do na chéad chéimeanna eile is iomchuí, lena n-áirítear cé acu ba cheart nó nár cheart scéim reachtúil nó próiseas leanúnach a fhorbairt amach anseo agus conas ba cheart sin a dhéanamh.